C/2026/4118

28.7.2026

TUAIRIM ÓN gCOIMISIÚN

an 2 Meitheamh 2026

maidir leis an riachtanas agus leis an gcomhréireacht a bhaineann le rialú teorann arna athbhunú ag an bhFrainc ag a teorainneacha inmheánacha i gcomhréir le hAirteagal 27a(3) de Rialachán (AE) 2016/399 (Cód Teorainneacha Schengen)

(Is é an téacs Fraincise amháin atá barántúil)

(C/2026/4118)

(1) I gcomhréir le hAirteagal 3(2) den Chonradh ar an Aontas Eorpach, cuirfidh an tAontas ar fáil dá shaoránaigh limistéar saoirse, slándála agus ceartais, gan teorainneacha inmheánacha, ina n-áiritheofar saorghluaiseacht daoine i dteannta le bearta iomchuí maidir le rialuithe ar theorainneacha seachtracha, tearmann agus inimirce, maille leis an gcoirpeacht a chosc agus a chomhrac.

(2) De bhun Airteagal 25 de Rialachán (AE) 2016/399 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le Cód an Aontais maidir leis na rialacha lena rialaítear gluaiseacht daoine thar theorainneacha (Cód Teorainneacha Schengen) (códú) ([1]), d'fhéadfadh Ballstát, nuair a bhíonn bagairt thromchúiseach ann ar an mbeartas poiblí nó ar an tslándáil inmheánach, rialú teorann a athbhunú ar bhonn eisceachtúil sealadach ag a theorainneacha inmheánacha ar fad nó ag codanna sonracha dá theorainneacha inmheánacha. Níor cheart an méid sin a dhéanamh ach amháin mar rogha dheiridh agus maidir le raon feidhme agus fad athbhunú sealadach an rialaithe teorann, níor cheart go sáródh sé sin an méid is gá chun freagairt don bhagairt thromchúiseach a sainaithníodh.

(3) Sonraítear in Airteagal 25a(4) de Chód Teorainneacha Schengen, i gcás ina bhfuil sé beartaithe ag Ballstát rialú teorann ag teorainneacha inmheánacha a athbhunú chun aghaidh a thabhairt ar bhagairt thromchúiseach intuartha, nach mór dó fógra a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa, don Chomhairle, don Choimisiún agus do na Ballstáit eile maidir le hathbhunú beartaithe an rialaithe sin, 4 seachtaine ar a dhéanaí roimh athbhunú beartaithe an rialaithe teorann, nó a luaithe is féidir i gcás ina bhfuil an Ballstát ar an eolas faoi na himthosca is cúis leis an ngá le rialú teorann ag teorainneacha inmheánacha a athbhunú níos lú ná 4 seachtaine roimh an athbhunú atá beartaithe.

(4) Ceanglaítear le hAirteagal 27a(3) de Chód Teorainneacha Schengen ar an gCoimisiún, tar éis dó fógraí a fháil arna gcur isteach i ndáil le rialú teorann ag an teorainn inmheánach a fhadú faoi Airteagal 25a(4) arb é a bhíonn mar thoradh air sin go leantar den rialú teorann ag na teorainneacha inmheánacha ar feadh níos mó ná 12 mhí san iomlán, ar bhonn an fhorais chéanna, tuairim a eisiúint maidir leis an riachtanas agus leis an gcomhréireacht a bhaineann leis an rialú teorann sin.

(5) Rinneadh athbhreithniú substaintiúil ar an gcreat chun rialú teorann inmheánaí a athbhunú agus a fhadú le Rialachán (AE) 2024/1717 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, a tháinig i bhfeidhm an 10 Iúil 2024 ([2]). Dá bhrí sin, rinneadh tús na dtréimhsí uile dá dtagraítear i dTeideal III, Caibidil II de Chód Teorainneacha Schengen a ríomh ón dáta sin.

(6) Le litir dar dáta an 11 Deireadh Fómhair 2024, thug údaráis na Fraince fógra faoi rialú teorann a athbhunú ar bhonn Airteagal 25a de Chód Teorainneacha Schengen, ag a dteorainneacha inmheánacha talún, farraige agus aeir, ón 1 Samhain 2024 go dtí an 30 Aibreán 2025.

(7) Le litir dar dáta an 3 Aibreán 2025, thug údaráis na Fraince fógra faoin athbhunú sin a fhadú ar feadh tréimhse bhreise 6 mhí, ón 1 Bealtaine 2025 go dtí an 31 Deireadh Fómhair 2025. Le litir dar dáta an 6 Deireadh Fómhair 2025, thug údaráis na Fraince fógra faoi athbhunú an rialaithe teorainn inmheánaí a fhadú an dara huair ar feadh tréimhse bhreise 6 mhí, ón 1 Samhain 2025 go dtí an 30 Aibreán 2026. Le litir dar dáta an 3 Aibreán 2026, thug údaráis na Fraince fógra faoi athbhunú an rialaithe teorainn inmheánaí a fhadú an tríú huair ar feadh tréimhse bhreise 6 mhí, ón 1 Bealtaine 2026 go dtí an 31 Deireadh Fómhair 2026.

([1]) (IO L 77, 23.3.2016, lch. 1).

([2]) Rialachán (AE) 2024/1717 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 lena leasaítear Rialachán (AE) 2016/399 maidir le Cód an Aontais maidir leis na rialacha lena rialaítear gluaiseacht daoine thar theorainneacha (IO L, 2024/1717, 20.6.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1717/oj).

(8) Le litir dar dáta an 11 Nollaig 2025 agus i gcomhréir le hAirteagal 33(2) de Chód Teorainneacha Schengen, chuir an Fhrainc tuarascáil isteach maidir le rialú teorann inmheánaí a athbhunú agus a fhadú le haghaidh na tréimhse idir an 1 Samhain 2024 agus an 31 Deireadh Fómhair 2025.

(9) Bhí an Fhrainc páirteach in idirphlé struchtúrtha an Choimisiúin maidir le rialú teorann inmheánaí a athbhunú. Tar éis fógra maidir le fadú a fháil ón bhFrainc, leanadh den idirphlé struchtúrtha sin mar chuid de phróiseas comhairliúcháin dá bhforáiltear le hAirteagal 27a(4) de Chód Teorainneacha Schengen.

(10) Rinneadh cur síos ar staid na himeartha faoi láthair ag teorainneacha inmheánacha sa Tuarascáil ar Staid Schengen an 23 Aibreán 2025 ([3]) agus pléitear go tráthrialta í ag Comhairle Schengen.

(11) Tar éis dó fógraí a fháil arna gcur isteach i ndáil le rialú teorann ag an teorainn inmheánach a fhadú faoi Airteagal 25a(4) arb é a bhíonn mar thoradh air sin go leantar den rialú teorann ag teorainneacha inmheánacha ar feadh níos mó ná 12 mhí san iomlán, tá an Coimisiún le tuairim a eisiúint maidir leis an riachtanas agus leis an gcomhréireacht a bhaineann leis an rialú teorann sin, dá bhforáiltear in Airteagal 27a(3) de Chód Teorainneacha Schengen. Tháinig an oibleagáid sin chun cinn nuair a fuarthas an fógra maidir le rialú teorann a fhadú ag gach teorainn inmheánach talún an 3 Aibreán 2025.

(12) Tar éis measúnú a dhéanamh ar na fógraí thuasluaite uile agus ar an tuarascáil thuasluaite, arna forlíonadh leis an bhfaisnéis a sholáthair an Fhrainc faoi chuimsiú an phróisis comhairliúcháin agus doiciméid oifigiúla eile, nithe atá ar fáil go poiblí, glacann an Coimisiún an Tuairim seo.

MEASÚNÚ AR NA FÓGRAÍ AGUS AR AN TUARASCÁIL

I. CEANGLAIS FHOIRMIÚLA

(13) Faoi chuimsiú Chód Teorainneacha Schengen, forchuirtear roinnt ceanglais fhoirmiúla ar na Ballstáit.

(14) Le hAirteagal 25a(4) CTS ceanglaítear ar na Ballstáit, i gcás ina bhfuil bagairt thromchúiseach ar an mbeartas poiblí nó ar an tslándáil inmheánach i mBallstát intuartha, fógra a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa, don Chomhairle, don Choimisiún agus do na Ballstáit eile 4 seachtaine ar a dhéanaí roimh athbhunú beartaithe an rialaithe teorann.

(15) Tugann an Coimisiún faoi deara gur cuireadh isteach na fógraí maidir le rialú teorann inmheánaí a athbhunú agus na faduithe a cuireadh leis tráth is lú ná 4 seachtaine roimh a dteacht i bhfeidhm. Cuireann an Coimisiún i dtábhacht nach féidir comhlíonadh na hoibleagáide maidir le fógra a chur isteach go tráthúil a fhágáil ar lár ach amháin i gcás ina mbeidh an Ballstát ar an eolas faoi na himthosca is cúis leis an ngá atá le rialú teorann inmheánaí a athbhunú tráth is lú ná 4 seachtaine roimh an athbhunú beartaithe.

(16) Rinneadh na fógraí maidir le faduithe an rialaithe teorainn inmheánaí trí úsáid a bhaint as an teimpléad a bunaíodh chun na críche sin le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/315 ón gCoimisiún ([4]).

(17) Le hAirteagal 27(2) de Chód Teorainneacha Schengen, ceanglaítear ar na Ballstáit, i gcásanna ina bhfuil an rialú teorann i bhfeidhm ar feadh 6 mhí, measúnú riosca a sholáthar in aon fhógra ina dhiaidh sin ina léireofar scála agus éabhlóid réamh-mheasta na bagartha tromchúisí. Cé go bhféadfadh sé a bheith deacair measúnú beacht a dhéanamh ar scála agus ar fhad réamh-mheasta na bagartha tromchúisí atá mar bhonn le rialú teorann inmheánaí a athbhunú, agus é á chur san áireamh gur coinníodh siar an fhaisnéis ó na fógraí ar chúiseanna slándála poiblí, tugann an Coimisiún dá aire go bhféadfaí an fhaisnéis a sholáthraítear san fhógra a chur i láthair ar bhealach níos fearr i dtéarmaí an mheasúnaithe riosca de bhun Airteagal 27(2) de Chód Teorainneacha Schengen, agus treochtaí i bhforbairt na bagartha tromchúisí sa tréimhse roimhe sin maidir le rialú teorann inmheánaí a athbhunú á gcur san áireamh, agus úsáid á baint as anailísí riosca arna n-ullmhú ar an leibhéal náisiúnta agus ag gníomhaireachtaí ábhartha an Aontais.

([3]) COM (2025) 185 final.

([4]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/315 ón gCoimisiún an 14 Feabhra 2025 lena mbunaítear teimpléad chun fógra a thabhairt maidir le rialú teorann ag teorainneacha inmheánacha a athbhunú nó a fhadú ar bhonn sealadach (IO L, 2025/315, 17.2.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2025/315/oj).

(18) Tugann an Coimisiún dá aire gur coinníodh faisnéis siar ó na fógraí mar gheall ar a gaol le hábhair leasa náisiúnta agus slándála inmheánaí, agus ar chúiseanna a bhain le himscrúduithe coiriúla leanúnacha. Le hAirteagal 27(5) de Chód Teorainneacha Schengen, ceadaítear do na Ballstáit faisnéis a eisiamh maidir leis an mbagairt thromchúiseach ar an mbeartas poiblí nó ar an tslándáil inmheánach ar bhonn foras slándála poiblí, agus rúndacht imscrúduithe leanúnacha á cur san áireamh.

(19) Aithníonn an Coimisiún gur iarr údaráis na Fraince an fhaisnéis dá bhforáiltear sna fógraí agus go bhfanfaidh an tuarascáil faoi rún ina hiomláine i gcomhréir le hAirteagal 35 de Chód Teorainneacha Schengen.

(20) An tuarascáil maidir le rialú teorann inmheánaí a athbhunú agus a fhadú, ar bhonn Airteagal 33(2) de Chód Teorainneacha Schengen, tuarascáil a bhí le cur isteach ag an bhFrainc an 1 Samhain 2025 (ar dhul in éag 12 mhí di), cuireadh isteach an 11 Nollaig 2025 í.

(21) Leanann an tuarascáil maidir le rialú teorainn inmheánaí a athbhunú agus a fhadú an fhormáid aonfhoirmeach a bunaíodh le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/308 ón gCoimisiún ([5]).

II. RIACHTANAS AGUS COMHRÉIREACHT

Seasamh Údaráis na Fraince

(22) Sna fógraí uile uathu, agraíonn údaráis na Fraince gur ann do bhagairt thromchúiseach ar an mbeartas poiblí nó ar an tslándáil inmheánach a bhaineann le teagmhais nó bagairtí sceimhlitheoireachta, agus do bhagairtí a bhaineann leis an gcoireacht eagraithe thromchúiseach.

(23) Maidir leis na hábhair imní slándála, tarraingíonn údaráis na Fraince aird ar an méid seo a leanas:

— baol an fhoréigin jiohádaigh, arna spreagadh ag líonraí coiriúla atá i limistéar Schengen cheana féin agus láithreacht threisithe an Stáit Ioslamaigh san Afganastáin, sa Libia agus san Afraic Thiar, *inter alia*;

— an staid slándála sa tSiria, sa Mheánoirthear agus san Afganastáin atá ag dul in olcas, chomh maith le cogadh foghach leanúnach na Rúise in aghaidh na hÚcráine, rud a mhéadaíonn an baol go dtiocfaidh trodaithe sceimhlitheoireachta isteach san Eoraip agus sa Fhrainc;

— an t-ardleibhéal sreabh imirce neamhdhleathaí a bhfuil riosca ann go ndéanfadh daoine radacaithe insíothlú ina leith;

— borradh na sceimhlitheoireachta státurraithe ag cumhachtaí eachtracha naimhdeacha, go minic trí ionadaithe eachtracha a bhaineann le líonraí trasnáisiúnta an-soghluaiste a oibríonn laistigh de limistéar Schengen;

— athnuachan an leibhéil bagartha is airde faoin gcóras Vigipirate le haghaidh na tréimhse Shamhradh-Fómhar 2025, agus forais reiligiúnacha agus oideachais, cruinnithe féiltiúla nó reiligiúnacha, chomh maith le hiompar poiblí agus foirgnimh a dhaingniú á gcur i dtábhacht.

(24) I dteannta na n-ábhar imní atá acu maidir leis an tslándáil, cuireann údaráis na Fraince in iúl an bhagairt thromchúiseach ar an mbeartas poiblí agus ar an tslándáil inmheánach a bhaineann leis an staid atá ag dul in olcas i dtuaisceart na tíre, áit a dtagann líon méadaitheach imirceach neamhrialta le chéile d'fhonn an Mhuir nIocht a thrasnú i mbáid bheaga. Imircigh atá ag iarraidh dul chomh fada leis an Ríocht Aontaithe, taistealaíonn siad, ar leibhéil éagsúla, trí theorainneacha inmheánacha uile na Fraince (na teorainneacha idir an Fhrainc agus an Iodáil, idir an Fhrainc agus an Eilvéis, idir an Fhrainc agus an Ghearmáin agus idir an Fhrainc agus an Bheilg den chuid is mó). Agus fadhb na ngluaiseachtaí neamhúdaraithe laistigh de limistéar Schengen á géarú, is príomhchonairí iad na trí limistéar teorann dheireanacha sin freisin chun trealamh muirí a sholáthar a úsáidtear chun Muir nIocht a thrasnú, agus le haghaidh gáinneáil ar dhaoine.

([5]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/308 ón gCoimisiún an 14 Feabhra 2025 lena mbunaítear formáid aonfhoirmeach le haghaidh na tuarascála ar rialú teorann ag teorainneacha inmheánacha a athbhunú nó a fhadú i gcomhréir le hAirteagal 33 de Rialachán (AE) 2016/399 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L, 2025/308, 17.2.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2025/308/oj).

(25) Áitíonn údaráis na Fraince go dtugann an líon imirceach neamhrialta ar thángthas rompu ag na teorainneacha inmheánacha ó athbhunaíodh an rialú teorann inmheánaí, chomh maith leis an líon ard smuigléirí daoine, údar le síneadh a chur leis sin. Idir an 1 Samhain 2024 agus an 31 Deireadh Fómhair 2025, gabhadh 36 053 imirceach neamhdhleathacha ag na teorainneacha inmheánacha. Sa tréimhse chéanna, rinneadh 20 487 n-imirceach neamhdhleathacha a athligean isteach ag na teorainneacha inmheánacha talún. Ina theannta sin, gabhadh breis agus 600 smuigléir ag na teorainneacha inmheánacha idir mí Eanáir agus mí an Mheithimh 2025.

Barúlacha ón gCoimisiún

(26) Chuir údaráis na Fraince faisnéis ar fáil maidir leis na gnéithe éagsúla de na bagairtí tromchúiseacha sainaitheanta ar an tslándáil inmheánach agus ar an mbeartas poiblí chomh maith le hargóintí chun bunús a thabhairt leis an riachtanas agus leis an gcomhréireacht a bhaineann leis an rialú teorann a athbhunaíodh.

(27) Ní luaitear sna fógraí ná sa tuarascáil cúiseanna sonracha le rogha an raoin feidhme gheografaigh agus ama a bhaineann leis an gcinneadh rialú teorann inmheánaí a athbhunú agus a fhadú. Níl aon mhíniú ann ar cén fáth a ndealraíonn sé gurb é an tréimhse 6 mhí, seachas tréimhse níos giorra, an tréimhse is iomchuí. D'ainneoin an chur chuige neamhchórasaigh agus rioscabhunaithe, níl aon údar ach oiread le rialú teorann a athbhunú ag gach teorainn inmheánach gan idirdhealú, rud a thabharfadh le tuiscint gurb ionann leibhéal na bagartha tromchúisí ar an mbeartas poiblí agus ar an tslándáil inmheánach ag gach teorainn inmheánach.

(28) Cé go bhféadfadh an staid dheacair slándála dhomhanda a bheith ina cúis mhór imní do shlándáil náisiúnta na mBallstát, d'fhéadfaí faisnéis nó anailís bhreise a sholáthar sna fógraí lena míneofaí an tionchar atá ag an timpeallacht slándála dhomhanda ar an bhFrainc go sonrach, agus conas a d'fhéadfaí aghaidh a thabhairt ar an mbagairt thromchúiseach sin leis an rialú teorann inmheánaí.

(29) Trí rialú teorann inmheánaí a athbhunú, is féidir cuidiú ó thaobh sceimhlitheoirí agus smuigléirí daoine a ghabháil. Chuir údaráis na Fraince ábhair imní dhlisteanacha isteach ina leith sin, mar is léir, *inter alia*, ón ardleibhéal bagartha sceimhlitheoireachta atá i bhfeidhm agus ó sceimhlitheoirí a bheith i limistéar Schengen, mar is léir ó ghabhálacha a rinneadh sa Fhrainc, sa Bheilg, san Ostair agus sa Ghearmáin i mí na Bealtaine, i mí Iúil agus i mí Dheireadh Fómhair 2024. Sholáthair siad líon smuigléirí daoine freisin a gabhadh faoi chuimsiú athbhunú an rialaithe teorann inmheánaí.

(30) Níor chuir údaráis na Fraince tuilleadh sonraí ar fáil maidir leis an gcaoi ar éirigh le hathbhunú an rialaithe teorann inmheánaí aghaidh a thabhairt ar bhagairt na sceimhlitheoireachta, ná maidir leis an gcaoi a gcomhlánaítear athbhunú an rialaithe teorann inmheánaí le cineálacha eile comhair slándála, amhail imscrúduithe coiriúla spriocdhírithe nó rialuithe póilíneachta arb é is aidhm dóibh líonraí smuigléirí daoine nó sceimhlitheoirí a tharraingt ó chéile.

(31) Tugann an Coimisiún dá aire breithiúnas Chomhairle Stáit na Fraince an 7 Márta 2025 inar rialaigh an Chomhairle Stáit go raibh an chéad athbhunú a rinneadh ar an rialú teorann inmheánaí riachtanach agus comhréireach araon chun aghaidh a thabhairt ar bhagairt thromchúiseach na sceimhlitheoireachta agus na coireachta eagraithe ([6]).

(32) Aithníonn an Coimisiún go bhfuil staid chasta náisiúnta imirce roimh an bhFrainc, go háirithe i dtuaisceart na tíre. Bhí uirthi aghaidh a thabhairt ar líon méadaitheach trasnuithe neamhdhleathacha ag an teorainn sheachtrach leis an Ríocht Aontaithe, rud a raibh tionchar aige ar a córas tearmainn agus glactha, agus ar toisc é a mheallann daoine i dtreo an Aontais. Mar sin féin, soláthraítear míniú neamhleor sna fógraí i dtaobh an fhátha gurb é athbhunú an rialaithe teorann inmheánaí an bealach is iomchuí chun aghaidh a thabhairt ar na fadhbanna imirce a bhaineann le trasnú bád beag i Muir nIocht seachas, mar shampla, seiceálacha laistigh de limistéir teorann agus níos faide i gcéin, laistigh de chríoch na Fraince.

(33) Tugann an Coimisiún dá aire go bhféadfadh gluaiseachtaí neamhúdaraithe náisiúnach tríú tír a bheith ina bhforas le rialú teorann inmheánaí a athbhunú más rud é go bhfuil na gluaiseachtaí neamhúdaraithe sin ina mbagairt thromchúiseach ar an mbeartas poiblí nó ar an tslándáil inmheánach. I ndáil leis sin, in Airteagal 25(1)(c) de Chód Teorainneacha Schengen, tagraítear go sonrach don staid ina gcuireann gluaiseachtaí tobanna neamhúdaraithe náisiúnach tríú tír ar mórscála idir na Ballstáit brú substaintiúil ar acmhainní foriomlána agus ar acmhainneachtaí na n-údarás inniúil dea-ullmhaithe, rud ar dócha go gcuirfidh sé feidhmiú foriomlán an limistéir gan rialú teorann inmheánaí i mbaol.

([6]) An Chomhairle Stáit, Cinneadh Uimh. 499702, an 7 Márta 2025, ECLI:FR:CECHR:2025:499702.20250307.

(34) Ina theannta sin, léiríonn na sonraí is déanaí go bhfuil feabhas tagtha ar staid na himirce san Aontas. Thug an Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta laghdú géar ar thrasnuithe teorann neamhúdaraithe faoi deara in 2024, lena n-áirítear laghdú 59 % ar bhealach na Meánmhara Láir, bealach atá fós ar cheann de na príomhphointí iontrála a bhfuil baint aige le gluaiseachtaí neamhúdaraithe chun na Fraince. In 2025, de réir Fheasacht agus Anailís Chomhtháite Staide an Aontais, tháinig laghdú aon cheathrú ar thrasnuithe teorann neamhúdaraithe i gcomparáid le 2024 (180 429 in 2025, i gcomparáid le 240 199 in 2024). Ina theannta sin, de réir shonraí Eurostat, in 2024, tháinig laghdú measartha 10 % ar iarratais chéaduaire ar thearmann sa Fhrainc, agus bhí sreabha míosúla a bhí réasúnta cobhsaí agus beagán níos ísle ann in 2025. Tá an laghdú sin mar chuid de threocht níos leithne, mar gheall ar iarrachtaí comhchoiteanna méadaithe chun teorainneacha seachtracha an Aontais a chosaint, agus ní féidir é a chur i leith athbhunú an rialaithe teorann inmheánaí ag an bhFrainc.

(35) Cuireann an Coimisiún i dtábhacht nach rud é athbhunú an rialaithe teorann inmheanaí a athraíonn oibleagáidí na Fraince faoi na rialacha is infheidhme de dhlí an Aontais maidir le tearmann agus filleadh mar gheall ar rialú teorann inmheánaí a athbhunú. Is féidir athbhunú rialaithe teorann inmheánaí rannchuidiú le trasnuithe teorann neamhúdaraithe isteach ar chríoch Bhallstáit a bhrath, le hathligean isteach tapa ag an teorainn inmheánach a éascú agus lena áirithiú go mbraitear gluaiseachtaí neamhúdaraithe iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta go tapa, rud a d'fhágfadh go bhféadfaí rialacha Rialachán Bhaile Átha Cliath ([7]) maidir le leithdháileadh freagrachta as scrúdú a dhéanamh ar iarratas ar thearmann, agus rialacha na Treorach um Fhilleadh ([8]) freisin, a chur i bhfeidhm i gceart.

III. BEARTA MALARTACHA

Seasamh Údaráis na Fraince

(36) Tá tionscnamh tiomnaithe cruthaithe ag údaráis na Fraince, an *Force Frontières*, a bhfuil sé de chúram air feabhas a chur ar na sineirgí i measc na n-údarás éagsúil atá comhdhéanta de, lena n-áirítear an tÚdarás Póilíneachta, an *Gendarmerie*, pearsanra custaim agus míleata, agus a imlonnú solúbtha á cheadú an tráth céanna.

(37) Tá fógra tugtha ag údaráis na Fraince go gcoinníonn siad dlúthchomhar déthaobhach póilíneachta ar bun leis na Ballstáit chomharsanachta i ngach limistéar teorann. Cuimsítear leis sin malartú tráthrialta faisnéise oibríochtúla agus comhordú chur chun feidhme na seiceálacha teorann i gcomhthéacs na Lárionad um Chomhar Póilíneachta agus Custaim. Cuireann údaráis na Fraince forbairt patról agus briogáidí déthaobhacha nó tríthaobhacha chun cinn a thuilleadh le gach tír chomharsanach Schengen. Cuirtear bac ar na hiarrachtaí sin, áfach, mar gheall ar easpa spéise i dtíortha comharsanachta Schengen nó easpa acmhainní daonna.

(38) Tá comhaontuithe maidir le comhar póilíneachta i bhfeidhm ag an bhFrainc lena tíortha comharsanachta Schengen uile lena ndéantar foráil, *inter alia*, maidir le Lárionaid um Chomhar Póilíneachta agus Custaim a chruthú, malartuithe faisnéise, anailísí riosca comhpháirteacha agus patróil chomhpháirteacha. Glacann an Fhrainc páirt i ndeich Lárionad um Chomhar Póilíneachta agus Custaim. Ina theannta sin, tá roinnt conarthaí i bhfeidhm ag an bhFrainc le haghaidh comhar déthaobhach feabhsaithe le tíortha comharsanachta Schengen, lena bhforáiltear maidir le comhar feabhsaithe idir údaráis forfheidhmithe dlí. Comhoibríonn an Fhrainc leis na Ballstáit chomharsanachta faoi chuimsiú buanbhriogáidí measctha agus trí Aonad um Fhaisnéis Oibríochtúil a chruthú ag an teorainn idir an Iodáil agus an Fhrainc lena n-éascaítear malartuithe faisnéise a thuilleadh.

(39) Tá líonra oifigeach idirchaidrimh inimirce i bhfeidhm ag an bhFrainc, atá ceangailte lena hambasáidí agus atá i láthair ag aerfoirt áirithe sna Ballstáit, chun comhairle a chur ar aerlínte maidir leis an diúltú dul ar bord paisinéirí a bhfuil easpa doiciméadacht iomchuí acu. Ó mhí Eanáir go mí Mheán Fómhair 2025, chuir Oifigigh Idirchaidrimh Inimirce cosc ar bhordáil 663 dhuine ag aerfoirt laistigh de Schengen, agus bhí doiciméid chalaoiseacha ag thart ar 89 faoin gcéad de na daoine sin.

([7]) Rialachán (AE) Uimh. 604/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 lena mbunaítear na critéir agus na sásraí lena gcinntear cé acu Ballstát atá freagrach as scrúdú a dhéanamh ar iarratas ar chosaint idirnáisiúnta arna thaisceadh i gceann de na Ballstáit ag náisiúnach tríú tír nó ag duine gan stát (IO L 180, 29.6.2013, lch. 31).

([8]) Treoir 2008/115/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le caighdeáin choiteanna agus nósanna imeachta coiteanna sna Ballstáit i ndáil le náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach a fhilleadh (IO L 348, 24.12.2008, lch. 98).

(40) An 6 Lúnasa 2025, tháinig comhaontú píolótach idir an Fhrainc agus an Ríocht Aontaithe i bhfeidhm, comhaontú arb é is aidhm dó cosc a chur ar thrasnuithe contúirteacha Mhuir nIocht agus na Mara Thuaidh, comhaontú a mbeidh feidhm aige go dtí an 11 Meitheamh 2026. Cuireadh síneadh 2 mhí bhreise leis an 31 Márta 2026 agus comhlánaíodh é le comhaontú déthaobhach 3 bliana a tugadh i gcrích an 23 Aibreán 2026 lena bhforáiltear maidir le comhar oibríochtúil feabhsaithe leis an Ríocht Aontaithe i ndáil le rialú teorann muirí. Déantar foráil leis an gcomhaontú píolótach sin maidir le sásra um athligean isteach le haghaidh náisiúnaigh tríú tír a tháinig isteach go neamhrialta ar bhád sa Ríocht Aontaithe ar bhonn an phrionsabail 'duine in aghaidh an duine'. Ceadaíonn an Ríocht Aontaithe teacht isteach tráthrialta sa Ríocht Aontaithe mar mhalairt ar gach athligean isteach a dhéanann an Fhrainc. Tá coinne leis go mbeidh éifeacht dhíspreagthach ag an gcomhaontú seo i leith imircigh neamhrialta atá toilteanach dul trasna Mhuir nIocht.

(41) Áitíonn údaráis na Fraince go bhfuil gá le leasuithe reachtacha náisiúnta chun dlús breise a chur le seiceálacha póilíneachta i limistéir teorann, dá bhforáiltear mar bheart malartach faoi Chód Teorainneacha Schengen, chun leas iomlán a bhaint as na féidearthachtaí a chuirtear ar fáil do na Ballstáit faoi Airteagal 23 de Chód Teorainneacha Schengen. Tá na bearta ábhartha á bplé faoi láthair agus ba cheart go molfaí iad do pharlaimint na Fraince go luath.

(42) Tuairiscíonn údaráis na Fraince úsáid modhanna teicneolaíocha ag na teorainneacha inmheánacha, lena n-áirítear úsáid drón i bpointí trasnaithe teorann níos iargúlta, chomh maith le feithiclí modúlacha chun calaois doiciméad a bhrath agus daoine a bhfuiltear sa tóir orthu a shainaithint, chomh maith le hUathaithint Uimhirphlátaí.

(43) Tá comhaontuithe maidir le hathligean isteach i bhfeidhm ag an bhFrainc lena tíortha comharsanachta uile agus oibríonn sí go dlúth leo maidir le hathligean isteach imirceach neamhrialta a ghabhtar ag na teorainneacha inmheánacha agus ar chríoch na Fraince. Áitíonn údaráis na Fraince go bhfuil sé níos éasca daoine a thrasnaíonn an teorainn inmheánach go neamhrialta a fhilleadh faoi chomhaontuithe déthaobhacha maidir le hathligean isteach ná imircigh neamhrialta a ghabhtar laistigh den chríoch. Tá na chéad chéimeanna glactha ag údaráis na Fraince chun socruithe praiticiúla a thabhairt i gcrích maidir le cur i bhfeidhm an nós imeachta aistrithe faoi Airteagal 23a de Chód Teorainneacha Schengen. Bunaíodh teagmhálacha le tíortha comharsanachta Schengen, ach is dócha go dtógfaidh an chaibidlíocht ar an leibhéal teicniúil roinnt ama, mar aon leis an gcoigeartú is gá ar rialacha agus nósanna imeachta náisiúnta.

(44) Áitíonn údaráis na Fraince, fad atá siad ag fanacht ar chur i bhfeidhm an Chomhshocraithe maidir le hImirce agus Tearmann an 23 Meitheamh 2026 agus ar chur i bhfeidhm iomlán córas eile chun bainistiú teorainneacha seachtracha a threisiú, amhail EES agus ETIAS, agus mar gheall ar an easpa reachtaíochta náisiúnta nua lena leathnaítear cumhachtaí póilíneachta i limistéir teorann agus tabhairt i gcrích socruithe praiticiúla chun an nós imeachta aistrithe faoi Airteagal 23a de Chód Teorainneacha Schengen a chur i bhfeidhm, nach féidir bearta malartacha a chur in ionad athbhunú an rialaithe teorann inmheánaí.

Barúlacha ón gCoimisiún

(45) Tugann an Coimisiún faoi deara go bhfuil bearta malartacha á gcur i bhfeidhm go gníomhach ag an bhFrainc a ghabhann le hathbhunú an rialaithe teorann inmheánaí agus a mhaolaíonn an tionchar a bhaineann leis.

(46) Ar bhonn na hiarrata ó údaráis na Fraince agus tar éis leasú a dhéanamh ar Phlean Gníomhaíochta Sonrach na hOibríochta Comhpháirtí, cuireadh tús le cur chun feidhme gníomhaíochtaí faisnéisithe i dTuaisceart na Fraince i mí na Samhna 2025. Cuimsítear leis sin próifílí faisnéisithe a imlonnú ag pointí trasnaithe teorann chomh maith le soithí patróil amach ón gcósta agus soithí patróil cósta a d'fhéadfaí a imlonnú chun teagmhais a bhaineann le himircigh a bhrath agus a thuairisciú agus chun tacú le hoibríochtaí cuardaigh agus tarrthála faoi threoir na Lárionad Comhordúcháin Tarrthála Muirí ábhartha.

(47) Aithníonn an Coimisiún go bhfuil tionscnaimh ann chun feabhas a chur ar fhormáidí déthaobhacha comhair póilíneachta le tíortha comharsanachta uile Schengen, lena n-áirítear buanbhriogáidí measctha a bhunú agus comhaontuithe athbhreithnithe maidir le comhar póilíneachta.

(48) Tá comhaontuithe maidir le hathligean isteach i bhfeidhm ag an bhFrainc leis na Ballstáit chomharsanachta uile. Cé go bhfuil easpa faisnéis leordhóthanach ag an gCoimisiún chun measúnú cuimsitheach a dhéanamh ar éifeachtacht na gcomhaontuithe sin sa chleachtas, tugann sé faoi deara an líon ard athligean isteach a thuairiscigh údaráis na Fraince. Tugann an Coimisiún dá aire freisin go ngníomhaíonn an Fhrainc i gcomhréir le rialacha ábhartha dhlí an Aontais agus i gcomhréir le cásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh maidir le cur i bhfeidhm Chód Teorainneacha Schengen agus na Treorach um Fhilleadh ([9]) ag teorainneacha inmheánacha ina n-athbhunaítear an rialú.

([9]) Breithiúnas ón gCúirt an 21 Meán Fómhair 2023, Association Avocats pour la défense des droits des étrangers (ADDE) agus Eile v Ministre de l'Intérieur, Cás C-143/22, ECLI:EU:C:2023:689.

(49) Aithníonn an Coimisiún na tionscnaimh a rinneadh le déanaí chun teacht ar shocruithe praiticiúla maidir le cur i bhfeidhm an nós imeachta aistrithe faoi Airteagal 23a de Chód Teorainneacha Schengen.

(50) Tugann an Coimisiún faoi deara, fiú in éagmais rialú teorann inmheánaí a athbhunú, gur féidir le húdaráis na Fraince leanúint de chumhachtaí poiblí a fheidhmiú, lena n-áirítear na cumhachtaí sin atá dírithe ar imirce neamhdhleathach a laghdú i limistéir teorann inmheánaí. I ndáil leis sin, tugann an Coimisiún dá aire go bhforáiltear sa dlí náisiúnta maidir leis na teorainneacha ar úsáid beart malartach, go háirithe seiceálacha póilíneachta i limistéir teorann.

(51) Cuireann an Coimisiún i dtábhacht, má chinneann an Fhrainc seiceálacha póilíneachta a chur in ionad an rialaithe teorann inmheánaí, go leanfar de chead a bheith ag údaráis na Fraince, faoi Airteagal 25 de Chód Teorainneacha Schengen, an rialú teorann inmheánaí a athbhunú láithreach chun aghaidh a thabhairt ar bhagairt thromchúiseach ar an mbeartas poiblí agus ar an tslándáil náisiúnta a thagann chun cinn gan choinne mar gheall ar imeachtaí nárbh fhéidir a thuar.

IV. BEARTA MAOLAITHE

Seasamh Údaráis na Fraince

(52) Tuairiscíonn údaráis na Fraince go raibh tionchar diomaibhseach ag athbhunú rialuithe teorann inmheánaí ar shaorghluaiseacht daoine, le héifeachtaí an-teoranta ar shoghluaisteacht trasteorann, agus nár thuairiscigh cónaitheoirí teorann aon deacracht ar leith.

(53) Tá na rialuithe neamhchórasach agus rioscabhunaithe, fiú nuair a bhíonn oifigigh forfheidhmithe dlí i láthair go buan ag pointí trasnaithe teorann údaraithe áirithe. Déantar rialuithe go randamach den chuid is mó agus tá siad deartha chun sreabha tráchta rianúla a áirithiú agus slándáil á coinneáil ar bun an tráth céanna.

(54) Déantar déine agus minicíocht na seiceálacha a choigeartú de réir an chineáil teorann (aer, farraige nó talamh) agus de réir measúnú riosca a nuashonraítear go tráthrialta, arna dhéanamh i gcomhréir le modheolaíocht CIRAM 2.0 ag na húdaráis áitiúla inniúla.

(55) Tuairiscíonn údaráis na Fraince go ndéanann siad na gníomhaíochtaí seo a leanas chun an cur isteach a íoslaghdú:

— seiceálacha teorann a oiriúnú de réir dálaí tráchta;

— comhordú a dhéanamh le bainisteoirí bonneagair iompair maidir le socruithe oibríochtúla (e.g. oscailt lána, atreorú, athlonnú seiceálacha);

— comhoibriú le Ballstáit chomharsanachta chun rialuithe réamhtheachtacha a dhéanamh (e.g. in ionaid chomhpháirteacha nó trí phatróil chomhpháirteacha);

— a áirithiú go gcuirfear oiliúint ar bhaill foirne an gharda teorann chun seiceálacha tapa nó 'amaithe' a dhéanamh, go háirithe ar an iompar poiblí.

(56) Cuireann údaráis na Fraince i dtábhacht gurb é an cuspóir scagadh roghnaitheach a dhéanamh, ar leithligh ó na seiceálacha córasacha ag teorainneacha seachtracha limistéar Schengen, agus aon chur isteach ar an ord phoiblí nó plódú tráchta ag limistéir teorann a sheachaint.

Barúlacha ón gCoimisiún

(57) Léirítear sna fógraí a chuir údaráis na Fraince isteach go bhfuil siad tiomanta a áirithiú go leanfaidh tionchar an rialaithe teorann inmheánaí de bheith teoranta mar a cheanglaítear le hAirteagal 26(3) de Chód Teorainneacha Schengen.

(58) Tugann an Coimisiún dá aire go ndéantar rialú teorann ar bhealach spriocdhírithe rioscabhunaithe, chun an tionchar ar thaisteal trasteorann agus ar saorghluaiseacht daoine a theorannú. Cuidíonn bearta den sórt sin le tionchar na rialuithe a mhaolú.

(59) Le 10 mbliana anuas, tá bearta déanta ag an bhFrainc, faoi threoir an Choimisiúin agus i ndlúthchomhar lena Ballstáit chomharsanachta, chun éascaíocht an tráchta thar na teorainneacha inmheánacha a athbhunaíodh a áirithiú. Go háirithe, mar thoradh air sin, athosclaíodh go hiomlán na pointí trasnaithe teorann uile feadh na teorann idir an Fhrainc agus an Spáinn.

(60) Ní bhfuair an Coimisiún ach roinnt gearán faoi chur isteach ar an trácht trasteorann mar thoradh ar rialú teorann inmheánaí a athbhunú.

V. MOLTAÍ

(61) Tá limistéar Schengen dea-fheidhmiúil ag brath ar chur chun feidhme iomlán agus éifeachtach an *acquis* maidir le himirce agus tearmann. Beidh tús chur i bhfeidhm an Chomhshocraithe maidir le hImirce agus Tearmann an 23 Meitheamh 2026 ina spreagadh tábhachtach chun aghaidh a thabhairt ar ábhair imní maidir le gluaiseachtaí neamhúdaraithe náisiúnach tríú tír nó ábhair imní imirce agus slándála a bhaineann leis an imirce neamhdhleathach, ar ábhair imní iad a chuir an Fhrainc in iúl chun údar a thabhairt le hathbhunú an rialaithe teorann inmheánaí.

(62) Is iad na hábhair imní slándála na príomhchúiseanna a luaigh an Fhrainc chun húdar a thabhairt le hathbhunú an rialaithe teorann inmheánaí. Cuireann dlí an Aontais réimse leathan uirlisí ar fáil cheana féin chun aghaidh a thabhairt ar na hábhair imní a chuir údaráis na Fraince in iúl. Ba cheart do na Ballstáit leas iomlán a bhaint as na sásraí atá ann cheana chun slándáil agus comhar i bhforfheidhmiú an dlí a fheabhsú. Áirítear orthu sin Rialachán Prüm II, Córas Faisnéise Schengen nua agus an reachtaíocht nua maidir le Réamhfhaisnéis faoi Phaisinéirí agus Taifead Ainmneacha Paisinéirí ([10]). Le teacht i bhfeidhm EES agus ETIAS, daingneofar na teorainneacha seachtracha a thuilleadh ([11]).

(63) Cuireann an Coimisiún in iúl, de bhun an Rialacháin maidir le Scagadh ([12]), atá mar chuid den Chomhshocrú maidir le hImirce agus Tearmann, go mbeidh seiceáil slándála ar na bunachair sonraí ábhartha uile ina cuid den scagadh ag na teorainneacha seachtracha, agus laistigh den chríoch freisin.

(64) Ba cheart d'údaráis na Fraince a gcomhar agus a malartú faisnéise le Ballstáit chomharsanachta na Fraince a fhorbairt a thuilleadh, lena n-áirítear trí athbhreithniú iomchuí a dhéanamh ar chomhaontuithe nó socruithe déthaobhacha maidir le hathligean isteach atá ann cheana agus/nó trí shocruithe praiticiúla a thabhairt i gcrích chun an nós imeachta aistrithe faoi Airteagal 23a de Chód Teorainneacha Schengen a chur i bhfeidhm, chomh maith lena chomhaontuithe déthaobhacha maidir le comhar póilíneachta le Ballstáit chomharsanachta.

(65) Cuireann an Coimisiún i dtábhacht go bhféadfadh úsáid beart malartach, lena n-áirítear réitigh theicneolaíocha agus seiceálacha póilíneachta laistigh den limistéar teorann, a bheith ina modh níos éifeachtúla agus níos éifeachtaí chun ardleibhéal rialaithe slándála agus imirce a áirithiú, gan gá le rialú teorann inmheánaí a athbhunú. I ndáil leis an méid sin, tugann sé dá aire go ndéantar seiceálacha teorann cheana féin ar bhealach neamhchórasach rioscabhunaithe.

([10]) Rialachán (AE) 2024/982 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Márta 2024 maidir le cuardach uathoibrithe agus malartú uathoibrithe sonraí le haghaidh comhar póilíneachta, agus lena leasaítear Cinntí 2008/615/CGB agus 2008/616/CGB ón gComhairle agus Rialacháin (AE) 2018/1726, (AE) 2019/817 agus (AE) 2019/818 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (Rialachán Prüm II) (IO L, 2024/982, 5.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/982/oj); Rialachán (AE) 2018/1862 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Samhain 2018 maidir le Córas Faisnéise Schengen (SIS) a bhunú, a oibriú agus a úsáid i réimse an chomhair póilíneachta agus an chomhair bhreithiúnaigh in ábhair choiriúla, lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2007/533/CGB ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1986/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Cinneadh 2010/261/AE ón gCoimisiún (IO L 312, 7.12.2018, lch. 56, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1862/oj); Rialachán (AE) 2025/13 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Nollaig 2024 maidir le réamhaisnéis faoi phaisinéirí a bhailiú agus a aistriú chun cionta sceimhlitheoireachta agus an choireacht thromchúiseach a chosc, a bhrath, a imscrúdú agus a ionchúiseamh, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/818 (IO L, 2025/13, 8.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2025/13/oj); Treoir (AE) 2016/681 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le húsáid sonraí as an taifead ainmneacha paisinéirí (PNR) chun cionta sceimhlitheoireachta agus coireacht thromchúiseach a chosc, a bhrath, a imscrúdú agus a ionchúiseamh (IO L 119, 4.5.2016, lch. 132; ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2016/681/oj).

([11]) Ceartúchán ar Rialachán (AE) 2017/2226 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Samhain 2017 lena mbunaítear Córas Dul Isteach/Imeachta (EES) chun sonraí faoi dhul isteach agus imeacht agus sonraí faoi dhiúltú cead isteach náisiúnach tríú tír a chlárú agus iad ag trasnú theorainneacha seachtracha na mBallstát agus lena gcinntear na coinníollacha ar a dtabharfar rochtain ar EES chun críocha fhorghníomhú an dlí, agus lena leasaítear an Coinbhinsiún lena ndéantar Comhaontú Schengen a chur chun feidhme agus Rialachán (CE) Uimh. 767/2008 agus Rialachán (AE) Uimh. 1077/2011 (IO L 327, 9.12.2017, lch. 20, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2017/2226/oj); Rialachán (AE) 2018/1240 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Meán Fómhair 2018 lena mbunaítear Córas Eorpach um Fhaisnéis agus Údarú Taistil (ETIAS) agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1077/2011, (AE) Uimh. 515/2014, (AE) 2016/399, (AE) 2016/1624 agus (AE) 2017/2226 (IO L 236, 19.9.2018, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1240/oj).

([12]) Rialachán (AE) 2024/1356 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Bealtaine 2024 lena dtugtar isteach scagadh ar náisiúnaigh tríú tír ag na teorainneacha seachtracha agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 767/2008, (AE) 2017/2226, (AE) 2018/1240 agus (AE) 2019/817 (IO L, 2024/1356, 22.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1356/oj).

(66) Ba cheart d'údaráis na Fraince aird ar leith a thabhairt ar na réigiúin trasteorann a bhfuil tionchar ag athbhunú an rialaithe teorann inmheánaí orthu agus féachaint ar a mhéid a d'fhéadfaí réitigh theicneolaíocha nó shaincheaptha a mholadh de réir an réigiúin teorann nó na catagóire taistealaithe riachtanacha chun tuilleadh feabhais a chur ar éascaíocht an taistil trasteorann.

(67) Molann an Coimisiún d'údaráis na Fraince aghaidh a thabhairt ar aon chonstaic dhlíthiúil nó oibríochtúil a chuireann bac ar úsáid éifeachtach beart malartach ag a theorainneacha inmheánacha chun críoch bainistithe imirce.

(68) Ba cheart d'údaráis na Fraince oibriú i dtreo deireadh a chur de réir a chéile leis an rialú teorann inmheánaí, ar bhonn cur chuige saincheaptha de réir na coda den teorainn inmheánach agus de réir na bagartha agus leas iomlán a bhaint as na bearta malartacha atá ar fáil a leagtar amach i Moladh (AE) 2024/268 ón gCoimisiún ([13]) agus as na féidearthachtaí faoi Chód Teorainneacha Schengen. Ba cheart na bearta atá ann cheana a threisiú agus a chomhlánú leis na bearta sin. Ba cheart don Fhrainc conair ama a sholáthar freisin chun an reachtaíocht náisiúnta is gá a ghlacadh lena gcumasófar bearta malartacha a úsáid.

(69) An comhar rathúil leis na Ballstáit chomharsanachta, chomh maith le bearta malartacha a chur i bhfeidhm, measann an Coimisiún go gcuireann siad bonn láidir ar fáil ar ar féidir leis an Fhrainc oibriú anois chun deireadh a chur de réir a chéile leis an rialú teorann inmheánaí, gan iallach a bheith uirthi baint dá slándáil nó dá rialú imirce. Fanfaidh sé i ndlúth-theagmháil leis na Ballstáit uile lena mbaineann chun an sprioc sin a bhaint amach.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 2 Meitheamh 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
Magnus BRUNNER
Comhalta den Choimisiún

([13]) Moladh (AE) 2024/268 ón gCoimisiún an 23 Samhain 2023 maidir le comhar idir na Ballstáit i ndáil le bagairtí tromchúiseacha ar an tslándáil inmheánach agus ar an mbeartas poiblí sa limistéar gan rialuithe ag teorainneacha inmheánacha (IO L, 2024/268, 17.1.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reco/2024/268/oj).